# Cártaí Dúlra – Eolas don Mhúinteoir




Tá cártaí dúlra *Féach Thart* ar fáil ar www.forasnagaeilge.ie/angum/cartai-dulra. Déan na cártaí a phriontáil agus a lannú. Ansin téigí amach ar thóraíocht! Bíodh cárta dúlra agus marcóir le gach páiste. Iarr ar na páistí tic a chur le rud ar bith a fheiceann siad agus sibh ar an tóraíocht. Bainigí sult as bheith amuigh faoin aer!

Rinneadh na cártaí dúlra seo mar acmhainní breise do na míreanna 'Gníomhaíochtaí Faoin Aer' agus 'Tóraíocht Mionainmhithe' atá mar chuid de *Féach Thart: Eolaíocht – Rang 6*. Tá na sraitheanna sleamhnán a bhaineann leis na míreanna sin ar fáil ar www.forasnagaeilge.ie/angum/feach-thart-rang-6-eolaiocht. Ach go príomhá is acmhainní don mhúinteoir iad na cártaí dúlra. Mar sin, bain úsáid agus tairbhe astu faoi mar a oireann sé duit féin!

An Gúm

# Ábhar Tagartha

Moltar leabhair thagartha a fháil don seomra ranga chun cabhrú leis na páistí na horgánaigh éagsúla a fheiceann siad ar na tóraíochtaí a aithint. Moltar go háirithe an tsraith *Eolaí Póca* atá foilsithe ag an nGúm. Tá deich leabhar sa tsraith, ina measc *Feithidí*, *Éin*, *Crainn* agus *Bláthanna Fiáine*. Féach an bhfuil siad ar fáil i leabharlann na scoile nó sa leabharlann áitiúil.




Seo roinnt leabhair eile a d'fhéadfadh a bheith úsáideach sa rang:




- *Flóra Chorca Dhuibhne* le Máirín Uí Chonchubhair (Oidhreacht Chorca Dhuibhne)
- *Éanlaith Iarthuaisceart Thír Chonaill* le Maitiú Ó Murchú (LeabhairCOMHAR)
- *Crainn & Toir* le Máirín Uí Chonchubhair (Dingle Publishing)
- *Dúlra Oileáin Árann* le Con Ó Ruairc (Cois Life)




*Bithéagsúlacht na hÉireann: Crainn agus Toir*
foilsithe ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta

Seo áis is féidir a thabhairt libh agus sibh ag dul ar shiúlóid nó ar thóraíocht. Cuideoidh sí leis na páistí na crainn is na toir a fheiceann siad a aithint.

Féach na suíomhánna gréasáin seo le haghaidh tuilleadh eolais ar bhláthanna fiáine na hÉireann:

- www.wildflowersofireland.net
- www.irishwildflowers.ie
- www.florachoisfharraige.ie



An Gúm

# Ainmneacha Éagsúla

Ar na cártaí dúlra, ní thugtar ach ainm amháin ar gach orgánach, bíodh sé ina phlanda, ina ainmhí nó ina mhionainmhí. I gcuid mhór cásanna, áfach, bíonn **níos mó ná ainm amháin** ag baint le horgánach. Bíonn ainmneacha éagsúla in úsáid i gceantair éagsúla, mar shampla, nó i measc grúpa daoine faoi leith. B'fhiú aird a tharraingt ar cheist seo na n-ainmneacha agus sibh sa seomra ranga. Seo ceist a d'fhéadfaí a chur ar na daltaí:



bóín Dé
bó shamhraidh
cearc Mhuire
God's cow

**Ceist:** An bhfuil ainm eile agat ar aon cheann de na horgánaigh a chonaic tú ar an tóraíocht dúlra – i nGaeilge, i mBéarla nó i dteanga éigin eile? An bhfuil ainm eile ag do Mham, do Dhaid, do Mhamó nó do Dhaideo orthu?



snag breac
meaig
míogadán breac

Iarr ar na daltaí aon ainmneacha éagsúla atá acu a scríobh síos ina gcóipleabhar. Seo roinnt samplaí:



gailseach
ceilpeadóir
ciaróg lín
Síle an phíce



galán
snáthaid an phúca
tuirne Mháire
daddy-long-legs

Is féidir ainmneacha na bplandaí agus na n-ainmhithe a fhiosrú ar na suíomhanna seo:
www.tearma.ie
www.teanglann.ie
www.focloir.ie

An Gúm